# Glór Cheatharlach

## Ceolchoirm Gael Linn



T with the Maggies a bheidh ag seinm ag Ceolchoirm Gael Linn

Bunaiodh Gael Linn sa bhliain 1953 ar mhaithe le fiontair úra a eagrú agus a reachtáil ar son leas na Gaeilge. Is í príomhaidhm na heagraíochta ná an Ghaeilge agus a hoidhreacht a chaomhnú agus a chothú ar fud na hÉireann mar theanga bheo agus mar spreagadh féiniúlachta. Leanann an comhlacht leis an bhfealsúnacht céanna fós thar réimse leathan d'imeachtaí agus i mbliana tá 60 bliain faoi bhláth á cheiliúradh go spleodrach ag Gael Linn.

Tá Gael Linn ar an lipéad ceoil is sine in Éirinn agus da bhrí sin lena ngaisce i gcúrsaí ceoil a cheiliúradh reachtálfar oíche mhór sa Cheoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath, Dé Domhnaigh 15ú Meán Fómhair ag 8.00i.n. I measc na gceoltóirí ag glacadh páirte sa cheolchoirm beidh an grúpa ban dar teideal "T with the Maggies" leTríona agus Maighréad Ní Dhómhnaill, Mairéad Ní Mhaonaigh agus Moya Brennan chomh maith le Séamus Ó Beaglaoich agus Téada, banna óg atá ag taisteal na cruinne agus ag baint clú agus cáil amach dóibh féin.

Tá Glór Cheatharlach ag eagrú bus chuig an Ceolchoirm agus beidh ticéid ar fáil ar phraghas speisialta. Ní foláir suíochán sa bhus agus ticéad don cheolchoirm a chur in áirithe go luath. Is féidir gach eolas a fháil agus áirithintí a dhéanamh ach glaoch ar 087 2857048, 085 1340047 nó rphost a sheoladh chuig emma@glorcheatharlach.ie

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| ceolchoirm | concert |
| bunaiodh | founded |
| fiontair | enterprises |
| oidhreacht | heritage |
| caomhnú | preserve |
| Ceoláras | Concert Hall |
| clú agus cáil | fame and fortune |
| áirithintí | reservations |

# Os cionn milliún amharc ag Avicii le Coláiste Lurgan

Tá físeán Choláiste Lurgan le leagan Gaeilge den amhrán "Wake Me Up" le Avicii anois ar an bhfíseán ceoil is mó ar Youtube agus os cionn milliún amharc faighte aige le tamall anuas. Cuireadh an físeán ar fáil ar chainéal YouTube an Choláiste ag tús Mhí Lúnasa agus níl deireadh go deo le rath náisiúnta agus idirnáisiúnta an fhíseáin ó shin.

Rinneadh trácht ar an bhfíseán is déanaí ón gcoláiste samhraidh sna meáin ar fud an domhain, Nuacht BBC san áireamh, agus tá ardmholadh tugtha ag Avicii féin don leagan Gaeilge dá amhrán 'Wake me up" ar Facebook le déanaí.

Tá cáil bainte amach ag Coláiste Lurgan, atá lonnaithe in Indreabhán, Conamara mar choláiste samhraidh nua-aimseartha do dhéagóirí. Bíonn tionscadail éagsúla ceoil ar bun i ngach cúrsa samhraidh le comhoibriú leanúnach idir an fhoireann teagaisc agus na scoláirí. I Mí Iúil is Amhrán na gCupán, leagan Gaeilge den Cup Song le Anna Kendrick as an scannán Pitch Perfect a bhí idir lámha acu agus is éacht eile a bhí ann dóibh.

Is féidir féachaint ar na físeáin popcheoil éagsúla atá curtha i gcrích le cúpla bliain anuas ag Coláiste Lurgan ar www.youtube.com/tglurgan agus tá tuilleadh eolais ar an gcoláiste ar fáil ar www.lurgan.biz

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| físeán | video |
| amharc | hits |
| cainéal | channel |
| lonnaithe | based |
| tionscadail cheoil | music projects |
| comhoibriú | co-operation |

e-Edition
Same format as our printed edition online



Sign up online at
www.carlow-nationalist.ie

# Mí Lúnasa an fhómhair

Mí Lúnasa, ceiliúraimis agus gabhaimís buíochas ar son an fhómhair. Féile mhór Cheilteach ab ea an t-am seo fadó. Duine de na déithe ba thábhachtaí i gcultúr na gCeilteach ab ea Lugh- Dia na flúirse agus an fhómhair. De réir an tseanchais ba laoch, file, cruitire, taidhleoir, státaire agus ceardaí é. Ainmníodh an chéad mhí de shéasúr an fhómhair, Lúnasa in onóir dó.

In aimsir na gCeilteach ceapadh gur ón ngrian a tháinig na torthaí agus na barraí go léir agus gan an ghrian nach mbeadh bia ar bith acu agus go bhfaighidís bás. Ach tháinig Naomh Pádraig agus mhúin sé dóibh gurb amhlaidh gur chruthaigh Dia teas na gréine agus báisteach na spéire chun plandaí a chur ag fás. Mar atá scríofa sa bhíobla "tá tráth breithe, tráth báis, tráth curtha síl, tráth bainte fómhar". Go raibh Mí Lúnasa i gcónaí mar mhí na cruithneachtan, mí an fhómhair, mí an arbhair, mí na dtorthaí.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| Lúnasa | August |
| ceiliúraimis | let's celebrate |
| Ceilteach | Celtic |
| déithe | gods |
| flúirse | plenty |
| laoch | hero |
| cruitire | harpist |
| taidhleoir | diplomat |
| arbhar | corn |
| cruithneacht | wheat |



St. Patricks U12 hurlers and their mentors and supporters in the stand at Croke Park for the All Ireland senior semi-final between Dublin and Cork and the minor match between Kilkenny and Waterford

# Is Leor Beirt ar ais!

Tar eis briseadh an tsamhraidh tá an ciorcal comhrá "Is Leor Beirt" ag filleadh ar ais. Cuirfear tús arís leis an gCiorcal Gaeilge sa Leabharlann ar Shráid na Tulaí, Ceatharlach ar an Mháirt, 3ú Meán Fómhair agus tugtar cuireadh do dhaoine bualadh isteach ann aon am ó 10.30-11.30r.n. Leanfar le Is Leor Beirt gach maidin Mháirt as sin amach.

Tugann ciorcal na maidine seo deis iontach do dhaoine nach n-oireann na ciorcail san oíche dóibh ar chúiseanna éagsúla. Cuirtear fáilte roimh gach éinne idir chainteoirí líofa, foghlaimeoirí agus iad siúd atá ar chúpla focal. Bíonn caint, comhrá agus comhluadar ann agus cupán tae ar fáil chomh maith! Buail isteach Máirt éigin agus bain triail as do Ghaeilge. Níl slua ag teastáil chun daoine a chur ag labhairt in áit ar bith ar domhan- Is Leor Beirt!

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| is leor beirt | two will do |
| ciorcal na maidine | morning circle |
| leabharlann | library |
| líofa | fluent |
| foghlaimeoirí | learners |
| comhrá | conversation |
| comhluadar | company |
| slua | crowd |
| bain triail as | try it out |



Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach**
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!